COMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ

KERRY COUNTY COUNCIL

DRÉACHTSCÉIM na gCOlSTÍ um BEARTAIS STRAITÉISEACHA

DRAFT STRATEGIC POLICY COMMITTEE SCHEME

IÚIL 2019

JULY 2019

The role of the Strategic Policy Committees

The statutory basis for Strategic Policy Committees (SPCs) is set out in Section 48 of the Local Government Act 2001, as amended by Section 41 of the Local Government Reform Act 2014.

The primary role of the Strategic Policy Committees is to assist Kerry County Council in the formulation, development and review of policy. In this role, they will harness the experience and expertise of relevant external Bodies and enhance the overall role of Councillors by providing a platform for an input into policy formulation at an early stage. They will also have a function in other nonstatutory policy fields such as:

- Policy related to development of Work Programmes and the establishment of priorities for particular services.
- Consideration of the needs of people with disabilities in the formulation and implementation of relevant policies.
- Integration of sustainability principles to particular services.
- The strategic monitoring of Local Authority services.

These Committees will not have power to decide or determine Council Policy, this power will continue to be a function of the Council acting as a Body. However, if the Strategic Policy Committee system is to work in a meaningful way, it will be important that the Council take full cognisance of the work of the Committees when deciding on policy matters.

The Corporate Policy Group

The statutory basis for Corporate Policy Groups (CPGs) is set out in section 133 of the Local Government Act 2001, as amended by Section 48 of the 2014 Act. The CPG provides a forum for policy issues which transcend the remit of individual SPCs and Municipal Districts. The work of the different SPCs is co-ordinated through the CPG with membership comprising the

- Cathaoirleach;
- Chairpersons of each SPC; and
- where the municipal district is not already represented, as a member of such municipal district (as selected by the municipal district or failing selection, the Cathaoirleach of the municipal district or his or her nominee)

Acting as a link between the SPCs and the full council, the CPG will have an active role in the preparation of the draft budget; the functions of which are set out in the relevant legislation, regulations and government circulars. It will also determine whether a function will be discharged at the municipal district or authority level, where reference in relation to this question is made to it. It must also be consulted in the preparation of the corporate plan. The Chief Executive also participates and supports the work of the CPG. The role of the CPG is strategic and it links and co-ordinates the work of the different SPCs. The Cathaoirleach reports to the full Council on work of the CPG; the Chairs of each SPC report back to their Committee similarly, as do the representative of each municipal district to their fellow municipal district members.

Ról na gCoistí um Beartais Straitéiseacha

Tá bunús reachtúil na gCoisti um Beartais Straitéiseacha (CBS) leagtha amach in Alt 48 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, arna leasú ag Alt 41 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014.

Is é príomhról na gCoistí um Beartais Straitéiseacha ná cabhrú le Comhairle Contae Chiarraí i gceapadh, forbairt agus athbhreithniú beartais. Bainfear leas as taithí agus saineolas Eagraíochtaí seachtracha ábhartha in obair na gCoistí agus cuirfear feabhas ar ról na gComhairleoirí i gcoitinne, trí deis a thabhairt dóibh luath sa phróiseas ionchur a bheith acu i gceapadh beartais. Beidh feidhm ag na Coistí chomh maith i réimsí eile beartais neamhreachtúil, ar nós:

- Beartais a bhaineann le Cláir Oibre a fhorbairt agus tosaíochtaí a leagan amach do sheirbhísí faoi leith.
- Riachtanais daoine faoi mhíchumas a chur san áireamh nuair atá beartais á n-ullmhú agus á bhfeidhmiú.
- Prionsabail inbhuanaithe a chomhtháthú i seirbhísí áirithe.
- Monatóireacht straitéiseach a dhéanamh ar Sheirbhísí na nÚdarás Áitiúil.

Ní bheidh de chumhacht ag na Coistí seo Beartas na Comhairle a shocrú ná a chinntiú, fanfaidh an chumhacht seo mar fheidhm de chuid na Comhairle, agus í ag gníomhú mar Chomhlacht. Sin ráite, má tá córas na gCoistí um Beartais Straitéiseacha le feidhmiú i gceart, beidh sé tábhachtach go gcuirfidh an Chomhairle obair na gCoistí san áireamh agus ábhair bheartais á socrú acu.

Grúpa Beartais Chorparáidigh

Tá bunús reachtúil na nGrúpaí Beartais Chorparáidigh (GBC) leagtha amach in Alt 133 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, arna leasú ag Alt 48 d'Acht 2014. Cuireann an GBC fóram ar fáil leis na ceisteanna beartais sin a phlé nach dtagann faoi chúram na CBS ná na gCeantar Bardasach. Déantar obair na CBS éagsúla a chomhordú tríd an GBC, leis an mballraíocht seo a leanas:

- Cathaoirleach;
- Cathaoirligh gach CBS; agus
- Ball den Cheantar Bardasach, sa chás nach bhfuil ionadaíocht ag an gceantar bardasach cheana (roghnaithe ag an gCeantar Bardasach nó, mura ndéantar duine a roghnú, is é Cathaoirleach an Cheantair Bhardasaigh féin nó a (h)ainmnitheach a bheidh mar ionadaí).

Ag feidhmiú mar nasc idir na CBS agus an Chomhairle iomlán, beidh ról gníomhach ag an GBC in ullmhú an dréachtbhuiséid; a bhfuil a chuid feidhmeanna leagtha amach sa reachtaíocht, sna rialacháin agus sna ciorcláin rialtais ábhartha. Cinnfidh an GBC chomh maith, más ag leibhéal an Cheantair Bhardasaigh a dhéanfar feidhm a chomhlíonadh nó ag leibhéal an údaráis, sa chás go n-iarrtar ar an GBC aghaidh a thabhairt ar an gceist seo. Ní mór comhairle a lorg ón GBC agus an plean corparáideach á réiteach freisin. Glacann an Príomhfheidhmeannach páirt in obair an GBC agus tacaíonn sé leis an obair chomh maith. Ról straitéiseach atá ag an GBC agus déanann sé obair na CBS éagsúla a nascadh agus a chomhordú. Tugann an Cathaoirleach tuairisc don Chomhairle iomlán maidir le hobair an GBC; tugann Cathaoirligh gach CBS tuairisc ar ais dá gCoiste féin ar an gcaoi chéanna, mar a dhéanann ionadaí gach ceantar bardasach do bhaill eile a gceantair bhardasaigh.

Framework Configuration for Strategic Policy Committees

Kerry County Council will establish five Strategic Policy Committees which will cover the range of services provided by the Council. The five SPCs, including the main policy areas covered, are as follows:

1. **Economic Development, Enterprise and Community SPC**
    - Planning and Sustainable Development
    - Business Support (LEO)
    - Economic Planning
    - Tourism
    - Urban & Rural Regeneration
    - Recreation Policy

2. **Roads and Transportation and Marine SPC**
    - Transport Policy
    - Marine Policy
    - Road Safety

3. **Environment, Climate Change and Emergency Planning SPC**
    - Climate Change
    - Environment
    - Emergency Planning
    - Water Quality

4. **Housing SPC**
    - Housing

5. **Culture & Heritage and the Gaeltacht SPC**
    - Culture
    - Heritage
    - Arts
    - Library
    - Archives
    - Irish language
    - Gaeltacht Areas
    - Commemorative Events

Cumraíocht Creata na gCoistí um Beartais Straitéiseacha

Bunóidh Comhairle Contae Chiarraí cúig Choiste um Beartais Straitéiseacha, a chuimseoidh gach réimse seirbhíse de chuid na Comhairle. Seo a leanas na cúig CBS mar aon leis na príomhréimsí beartais a bheidh faoina gcúram:

1. **CBS maidir le Forbairt Eacnamaíochta, Fiontraíocht, Turasóireacht agus Pobal**
   - Pleanáil agus Forbairt Inbhuanaithe.
   - Tacaíocht Gnó (OFÁ)
   - Pleanáil Eacnamaíochta
   - Turasóireacht
   - Athbheochan Uirbeach agus Tuaithe
   - Beartas Áineasa

2. **CBS maidir le Bóithre, Iompar & Cúrsaí Mara**
   - Beartas Iompair
   - Beartas Mara
   - Sábháilteacht ar Bhóithre

3. **CBS maidir le Comhshaol, Athrú Aeráide agus Pleanáil Éigeandála**
   - Athrú Aeráide
   - Comhshaol
   - Pleanáil Éigeandála
   - Seirbhísí Uisce

4. **CBS maidir le Tithíocht**
   - Tithíocht

5. **CBS maidir le Cultúr & Oidhreacht agus an Ghaeltacht**
   - Cultúr
   - Oidhreacht
   - na hEalaíona
   - Leabharlanna
   - Cartlanna
   - An Ghaeilge
   - Ceantair Ghaeltachta
   - Imeachtaí Cuimhneacháin

Representation on Strategic Policy Committees

The membership of Strategic Policy Committees will comprise of Elected Members and representatives from sectoral groups in County Kerry. These sectoral representatives will bring the knowledge and expertise of people working with social, economic, cultural and Environmental Bodies throughout the county into the operation and strategy of Kerry County Council.

Sectoral representation on the Strategic Policy Committees will have regard to:

1. The need to get a spread of relevant interests
2. The need for balance between divergent interests
3. The range of groups within each sector
4. The relationship between the number of Strategic Policy Committees and the range of interests and that can be accommodated
5. The need to involve the Community / Voluntary / Disadvantaged Sector and to foster social inclusiveness and equality
6. Gender balance, in particular the need to attract participation by women

Sectoral Representation

The sectors which will be represented on the Strategic Policy Committees are:

- Agriculture / Farming
- Environmental / Conservation
- Development / Construction
- Business / Commercial
- Trade Union
- Community / Voluntary
- Social Inclusion
- Tourism
- Marine
- Approved Housing Bodies
- Údarás na Gaeltachta

Ionadaíocht ar na Coistí um Beartais Straitéiseacha

Is iad Comhaltaí Tofa agus ionadaithe ó ghrúpaí earnála i gContae Chiarraí a bheidh ina mbaill ar na Coistí um Beartais Straitéiseacha. Cuirfidh na hionadaithe earnála seo ar fáil do Chomhairle Contae Chiarraí eolas agus saineolas na ndaoine sin atá ag obair le heagraíochtaí sóisialta, cultúrtha, eacnamaíochta agus comhshaoil ar fud an chontae agus cuirfear le feidhmiú agus le straitéis na Comhairle mar thoradh.

Agus ionadaíocht earnála na gCoistí um Beartais Straitéiseach á meas, tabharfar aird ar an méid seo a leanas:

1. An gá le hionchur a fháil ó raon leathan de ghrúpaí leasmhara ábhartha
2. An gá le cothromaíocht idir grúpaí leasmhara le malairt tuairimí
3. An réimse grúpaí i ngach aon earnáil.
4. Líon na gCoistí um Beartais Straitéiseacha agus an réimse tuairimí ar féidir freastal orthu
5. An gá go mbeadh páirt ag an Earnáil Pobail / Dheonach / faoi Mhíbhuntáiste ann agus go ndéanfaí comhionannas agus ionchuimsitheacht shóisialta a chothú.
6. Cothromaíocht inscne, go háirithe an gá le rannpháirtíocht ban a spreagadh.

Ionadaíocht Earnála

Seo a leanas na hearnálacha a mbeidh ionadaíocht acu ar na Coistí um Beartais Straitéiseacha:

- Talmhaíocht / Feirmeoireacht
- Comhshaol / Caomhnú
- Forbairt / Tógáil
- Gnó / Tráchtáil
- Ceardchumainn
- Pobal / Deonach
- Ionchuimsitheacht shóisialta
- Turasóireacht
- Cúrsaí Mara
- Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe
- Údarás na Gaeltachta

The sectors will be represented on the Strategic Policy Committees as follows:

Economic Development, Enterprise, Tourism and Community SPC

- Community / Voluntary
- Trade Union
- Business / Commercial
- Tourism
- Údarás na Gaeltachta

Roads, Transportation and Marine SPC

- Agriculture / Farming
- Business / Commercial
- Community / Voluntary
- Marine

Environment, Climate Change and Emergency Planning SPC

- Environmental / Conservation
- Business / Commercial
- Agriculture / Farming
- Social Inclusion

Housing SPC

- Community / Voluntary
- Development / Construction
- Approved Housing Bodies
- Social Inclusion

Culture, Heritage and the Gaeltacht SPC

- Environment / Conservation
- Agriculture / Farming
- Community / Voluntary - The Gaeltacht
- Social Inclusion

Membership of Strategic Policy Committees

Name	KCC Elected Members	Sectoral Interests	Total
Economic Development, Enterprise, Tourism and Community SPC	6	5	11
Roads, Transportation and Marine SPC	6	4	10
Environment, Climate Change and Emergency Planning SPC	6	4	10
Housing SPC	6	4	10
Culture, Heritage and the Gaeltacht SPC	5	4	9
Total	**29**	**21**	**50**

Mar seo a leanas a shocrófar ionadaíocht na n-earnálacha ar na Coistí um Beartais Straitéiseacha:

CBS maidir le Forbairt Eacnamaíochta, Fiontraíocht, Turasóireacht agus Pobal

- Pobal / Deonach
- Ceardchumainn
- Gnó / Tráchtáil
- Turasóireacht
- Údarás na Gaeltachta

CBS maidir le Bóithre, Iompar & Cúrsaí Mara

- Talmhaíocht / Feirmeoireacht
- Gnó / Tráchtáil
- Pobal / Deonach
- Cúrsaí Mara

CBS maidir le Comhshaol, Athrú Aeráide agus Pleanáil Éigeandála

- Comhshaol / Caomhnú
- Gnó / Tráchtáil
- Talmhaíocht / Feirmeoireacht
- Ionchuimsitheacht shóisialta

CBS maidir le Tithíocht

- Pobal / Deonach
- Forbairt / Tógáil
- Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe
- Ionchuimsitheacht shóisialta

CBS maidir le Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht

- Comhshaol / Caomhnú
- Talmhaíocht / Feirmeoireacht
- Pobal / Deonach – An Ghaeltacht
- Ionchuimsitheacht shóisialta

Ballraíocht na gCoistí um Beartais Straitéiseacha

Ainm	Ballraíocht CCC	Leasanna Earnála	Iomlán
CBS maidir le Forbairt Eacnamaíochta, Fiontraíocht, Turasóireacht agus Pobal	6	5	11
CBS maidir le Bóithre, Iompar & Cúrsaí Mara	6	4	10
CBS maidir le Comhshaol, Athrú Aeráide agus Pleanáil Éigeandála	6	4	10
CBS maidir le Tithíocht	6	4	10
CBS maidir le Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht	5	4	9
Iomlán	**29**	**21**	**50**

Selection of Sectoral Representatives

Following the adoption of the Strategic Policy Committees for County Kerry, the sectors will be requested to make nominations to the Strategic Policy Committees. The nomination process for the agricultural / farming sector will be facilitated by the farming and agricultural organisations pillar, the business / commercial and development / construction sectors will be facilitated by the business and employers organisations pillar. The trade union sector will be facilitated by the trade union pillar.

Nominations in relation to the Approved Housing Bodies will be sought from the Approved Housing Bodies Local Forum for Kerry. Nominations in relation to the Marine sector will be sought from the Department of the Marine. Nominations will also be sought in respect of the Tourism sector. Údarás na Gaeltachta will also be requested to nominate a member to represent that organisation.

The environmental / conservation sector will be facilitated by the environmental pillar and the associated Environmental College under the Public Participation Network arrangements. To join the Environment Electoral College under the Public Participation Network, an organisation's primary objectives and activities must be environmental (i.e. ecological) protection and/or environmental sustainability. Membership of this Electoral College will be validated by the environmental pillar at a national level. The environmental / conservation, community / voluntary, the Gaeltacht and social inclusion sectors will be determined on the basis of the local nomination process through the Public Participation Network.

Membership of Strategic Policy Committees

The Chairs of the Strategic Policy Committees will be appointed by the Full Council from among the Council appointees to the Strategic Policy Committees. The Strategic Policy Committee Chair will hold office for a minimum of three years. It is desirable that sectoral nominees would retain membership for the life of the Strategic Policy Committees which will be for the life of the Council. Each nominating sector will have the right to deselect its nominee and to notify the Council accordingly where upon the person will cease to be a member. In such cases, the relevant sector will nominate a new representative. Casual vacancies will, likewise, be filled by the relevant sector.

Principles for the Selection of Councillors and Strategic Policy Committees Chairs

1. Councillors who are not members of the Local Community Development Committee will have the opportunity of serving on a Strategic Policy Committee.
2. Councillors may not be nominated to represent sectoral interests.
3. Strategic Policy Committee membership for Councillors will be for the lifetime of the Council. A person ceasing to be a Councillor will automatically cease membership of the Strategic Policy Committee.

Roghnú Ionadaithe Earnála

Nuair a ghlacfar leis na Coistí um Beartais Straitéiseacha do Chontae Chiarraí, iarrfar ar na hearnálacha ionadaithe a mholadh do na Coistí sin. Is é crann taca na n-eagraíochtaí feirmeoireachta agus talmhaíochta a dhéanfaidh an próiseas ainmniúcháin a éascú don earnáil talmhaíochta/feirmeoireachta. Déanfaidh crann taca na n-eagraíochtaí gnó agus fostóirí an próiseas a éascú don earnáil gnó/tráchtála agus don earnáil forbartha/tógála. Is é crann taca na gceardchumann a dhéanfaidh an próiseas a éascú d'earnáil na gceardchumann.

Iarrfar ainmniúcháin i dtaca leis na Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe ó Fhóram Áitiúil Chiarraí do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe. Iarrfar ainmniúcháin i dtaca leis an earnáil Muirí ó Roinn na Mara. Déanfar ainmniúcháin a lorg i dtaca leis an earnáil Turasóireachta chomh maith. Iarrfar ar Údarás na Gaeltachta ball a ainmniú freisin, le bheith mar ionadaí ag an eagraíocht sin.

Is é an crann taca comhshaoil agus an Coláiste Comhshaoil gaolmhar a dhéanfaidh an próiseas ainmniúcháin a éascú don earnáil comhshaoil / caomhnaithe, faoi réir shocruithe na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail. Chun páirt a ghlacadh sa Choláiste Toghcháin Comhshaoil faoin Líonra Rannpháirtíochta Pobail, ní mór caomhnú comhshaoil (i.e. éiceolaíoch) agus/nó inmharthanacht comhshaoil a bheith ina bpríomhchuspóirí agus ina bpríomhghníomhaíochtaí ag an eagraíocht. Déanfaidh an crann taca comhshaoil ballraíocht an Choláiste Toghcháin seo a dheimhniú ag leibhéal náisiúnta. Maidir leis na hearnálacha comhshaoil / caomhnaithe, pobail / deonacha, Gaeltachta agus ionchuimsitheachta sóisialta, déanfar iad siúd a shocrú bunaithe ar an bpróiseas ainmniúcháin áitiúil tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail.

Ballraíocht na gCoistí um Beartais Straitéiseacha

Is í an Chomhairle iomlán a roghnóidh Cathaoirligh na gCoistí um Beartais Straitéiseacha ó na hionadaithe atá ceaptha ar na Coistí sin ag an gComhairle. Beidh Cathaoirligh na gCoistí um Beartais Straitéiseacha i seilbh oifige ar feadh trí bliana ar a laghad. Is fearr go mairfeadh ballraíocht na nIonadaithe Earnála ar feadh téarma iomlán na gCoistí um Beartais Straitéiseacha, is é sin ar feadh téarma na Comhairle. Beidh de cheart ag gach earnáil ainmniúchán a hainmní a dhíroghnú agus an méid sin a chur in iúl don Chomhairle, agus leis sin cuirfear deireadh le ballraíocht an duine sin. I gcás dá leithéid, ainmneoidh an earnáil chuí ionadaí nua. Líonfaidh an earnáil chuí aon chorrfholúntas sa tslí chéanna.

Prionsabail maidir le Comhairleoirí agus Cathaoirligh na gCoistí um Beartais Straitéiseacha a Roghnú

1. Beidh deis ag Comhairleoirí nach baill den Choiste Forbartha Pobail Áitiúil iad páirt a ghlacadh ar Choiste um Beartais Straitéiseacha.
2. Ní cheadaítear Comhairleoirí a ainmniú thar ceann leasanna earnála.
3. Leanfaidh ballraíocht Comhairleoirí i gCoiste um Beartais Straitéiseacha ar feadh téarma na Comhairle. Sa chás go stopann duine ag feidhmiú mar Chomhairleoir, tiocfaidh deireadh lena mballraíocht sa Choiste um Beartais Straitéiseacha chomh maith.

4. Strategic Policy Committee Councillor membership will reflect the proportionality and the distribution of elected representation on the full Council.

5. The allocation of Strategic Policy Committee Chairs will also reflect equitably the spread of elected representation on the Council. Where the agreement of the Council on the selection of the Strategic Policy Committee Chairs is not possible, the Group of Strategic Policy Committee Chairs to be appointed will be treated, for appointment purposes, as if it has constituted a separate Committee in accordance with Section of the Local Government Act 2001 (as amended).

Principles for the Selection of Sectoral Representatives

There exists a wide range of interests throughout County Kerry and the involvement of such groups in the Strategic Policy Committee structure will foster a higher degree of community relevance and local participation. The following principles will be used in the selection of Groups and Associations for a particular sector:

1. Groups/Associations must be active within the area of the Local Authority and have a countywide impact or at a minimum, relevance in a locality or a number of localities in the area.
2. Groups/Associations must be open to new members, hold Annual General Meetings and regular meetings and must be broadly representative and accountable.
3. Single interest groups may be considered e.g. groups focused on the disabled or elderly. Groups formed around specific local issues will not be considered for inclusion.
4. Nominations from the Community/Voluntary Sector will only be considered by groups registered on the County Register of Community and Voluntary Groups in accordance with the rules of the Register.
5. Local Development Agencies will be represented on the Local Community Development Committee and accordingly, will not be represented on the Strategic Policy Committees. Clear communication between Strategic Policy Committees and Local Development Agencies will be facilitated in order to keep both informed of their respective movements/activities.

Each sector will select its own nominees. A nomination of a sectoral representative is the sole responsibility of each particular sector. However, Kerry County Council may recommend that such nominees have broad knowledge of a particular nature. Each sector will be asked to nominate the appropriate number of representatives as set out in the adopted scheme of the Strategic Policy Committees. Kerry County Council will, as far as possible, facilitate the process of nomination, through the provision of facilitators and other resources as necessary. The final decision in relation to the preferences for the Strategic Policy Committees will rest with Kerry County Council, having regard to the degree of interest and the limited number of Strategic Policy Committee spaces available.

4. Léireoidh ballraíocht Comhairleoirí na gCoistí um Beartais Straitéiseacha comhréir agus dáileadh na gComhairleoirí tofa ar an gComhairle iomlán.

5. Léiriú cothrom a bheidh i ndáileadh chathaoirleacht na gCoistí um Beartais Straitéiseacha ar raon na gComhairleoirí tofa ar an gComhairle. Sa chás nach féidir leis an gComhairle aontú ar Chathaoirligh na gCoistí um Beartais Straitéiseacha, tabharfar faoi Ghrúpa Chathaoirligh na gCoistí um Beartais Straitéiseacha a ainmniú amhail is gur Coiste ar leith é de réir Alt den Acht Rialtais Áitiúil, 1985 (arna leasú).

Prionsabail maidir le hIonadaithe Earnála a roghnú

Tá réimse leathan leasanna ar fud Chontae Chiarraí agus cuideoidh rannpháirtíocht na ngrúpaí sin i struchtúr na gCoistí um Beartais Straitéiseacha le leibhéal níos airde ábharthachta pobail agus rannpháirtíochta áitiúla a chothú. Seo a leanas na prionsabail maidir le Cumainn agus Grúpaí a roghnú d'aon earnáil faoi leith:

1. Ní mór do Chumainn / Ghrúpaí a bheith gníomhach laistigh de cheantar an Údaráis Áitiúil agus tionchar a bheith acu ar fud an chontae nó, ar a laghad, i gceantar nó ceantair sa chontae.
2. Ní mór do Chumainn / Ghrúpaí a bheith oscailte do bhaill nua, cruinnithe rialta agus cruinnithe cinn bhliana a reáchtáil, agus tríd is tríd a bheith freagrach agus ionadaíoch dá mbaill.
3. Is féidir grúpaí sainleasa aonair a chur san áireamh e.g. grúpaí dírithe ar dhaoine scothaosta nó ar dhaoine faoi mhíchumas. Ní ghlacfar le grúpaí atá bunaithe ar cheisteanna áitiúla faoi leith.
4. Maidir le hainmniúcháin don Earnáil Pobail / Deonach, ní dhéanfar iad a mheas ach ag grúpaí atá cláraithe ar Chlár Contae na nGrúpaí Pobail agus Deonacha agus iadsan amháin, de réir rialacha an Chláir.
5. Beidh ionadaíocht ag Gníomhaireachtaí Forbartha Áitiúla ar Choistí Forbartha Pobail Áitiúil agus, dá réir sin, ní bheidh ionadaíocht acu ar na Coistí um Beartais Straitéiseacha. Déanfar cumarsáid éifeachtach a éascú idir na Gníomhaireachtaí Forbartha Áitiúla agus na Coistí um Beartais Straitéiseacha ar mhaithe leis an dá dhream a choimeád ar an eolas faoin a gcuid oibre / gníomhaíochtaí.

Déanfaidh gach earnáil a cuid ainmniúchán féin. Beidh gach earnáil, agus iadsan amháin, freagrach as ionadaí a ainmniú dá hearnáil féin. Sin ráite, is féidir le Comhairle Contae Chiarraí a mholadh go mbeadh eolas leathan de chineál áirithe ag gach ainmní. Iarrfar ar gach earnáil an líon ionadaithe cuí a ainmniú, de réir mar atá leagtha amach i scéim na gCoistí um Beartais Straitéiseacha, arna glacadh. Cabhróidh Comhairle Contae Chiarraí leis an bpróiseas ainmniúcháin, chomh fada agus is féidir, trí áisitheoirí agus acmhainní eile a chur ar fáil, de réir mar is gá. Is ag Comhairle Contae Chiarraí a bheidh an cinneadh deireanach maidir le roghnú na gCoistí um Beartais Straitéiseacha, ach leibhéal spéise agus líon teoranta na n-áiteanna ar na Coistí um Beartais Straitéiseacha a chur san áireamh.

Timescale

Following the adoption by Kerry County Council of the Strategic Policy Committee Scheme nominations will be sought from the National Pillar contacts in respect of Business, Trade Unions and Farming interests.

The exact mechanism for selecting nominees will be a matter for the National Pillars. The selected members should, however, be representative of local organisations active in County Kerry.

Nominations from the Community/Voluntary Social Inclusion, Culture/Heritage and Environmental / Conservation Sectors will be obtained through the Public Participation Network.

Miscellaneous

Each Strategic Policy Committee will regulate its own business and proceedings including the fixing of dates and times for meetings and will at its first meeting agree the manner in which its business and proceedings would be conducted having regard to the guidelines and directions currently available.

Scála Ama

Tar éis do Chomhairle Contae Chiarraí glacadh le Scéim na gCoistí um Beartais Straitéiseacha, Iorgófar ainmniúcháin ó theagmhálaithe na gCrann Taca Náisiúnta maidir le leasanna Gnó, Ceardchumann agus Talmhaíochta.

Fágfar na mionsonraí maidir leis an bpróiseas ainmniúcháin faoi na Crainn Taca Náisiúnta. Ach ní mór do na baill roghnaithe a bheith ionadaíoch d'eagraíochtaí áitiúla atá ag feidhmiú go háitiúil i gCiarraí..

Maidir le hainmniúcháin ó na hEarnálacha Pobail / Deonacha, Ionchuimsitheachta Sóisialta, Cultúir/Oidhreachta agus Comhshaoil / Caomhnaithe, déanfar iad a lorg tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail.

Eile

Beidh gach Coiste um Beartais Straitéiseacha freagrach as a ghnó agus a imeachtaí féin a rialáil, lena n-áirítear socrú dátaí agus amanna cruinnithe. Socrófar modh oibre an Choiste ag an gcéad cruinniú, de réir na dtreoracha agus na dtreoirlínte reat